

# *eti*

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -  
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*



Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:  
An Roinn Oideachais  
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama  
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta



INFHEISTEoir I nDAoine

## **An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna**

### **Tuairisc ar Chigireacht Leantach**

### **Naíscoil Mhachaire Rátha**

**Dáta na Cigireachta: Aibreán 2007**

## **TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍScoil MHACHAIRE RÁTHA, CO DOIRE BT46 5AP (3AB-0125)**

Sa chigireacht a rinneadh i Mí Feabhra 2005 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí a bhain le héiteas dearfach an ionaid agus leis na hiarrachtaí a bhí déanta ag an fhoireann timpeallacht spéisiúil foghlama a chruthú, agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- cur le forbairt na modhanna pleanála agus measúnaithe;
- a chinntiú go mbíonn ardchaighdeán idirghníomhaíochta ar siúl ag an fhoireann leis na páistí go leanúnach;
- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlacht na foirne ar úsáid na Gaeilge agus iad a dhéanamh níos muiníní as úsáid na teanga le go mbeidh siad ag freastal go hiomlán ar riachtanais na bpáistí; agus
- caighdeán agus réimse na n-acmhainní a fheabhsú.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, rinneadh na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta.**

- Ceapadh ceannaire nua go ceann bliana i Meán Fómhair 2006.
- Ceapadh cúntóir nua i Meán Fómhair 2006.
- Aistríodh an t-ionad chuig foirgneamh nua. Rinneadh athmhaisiú ar an seomra súgartha agus tá leagan amach tarraingteach spreagthach ar an trealamh sna háiteanna súgartha.
- Ceannaíodh troscán, trealamh agus acmhainní do na háiteanna súgartha uile.
- Tá an fhoireann ag freastal ar chúrsaí aitheanta Gaeilge le go mbeidh siad níos inniúla ar úsáid na teanga agus tá siad i ndiaidh freastal ar chúrsa ina bhfuair siad oiliúint chuí i gcosaint leanaí.
- Chuir an fhoireann tús maith le féinmheastóireacht nuair a d'úsáid siad an doiciméad 'Together Towards Improvement' chun teacht ar dhá réimse chuí le forbairt.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas a lean uaidh sin. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 30 Aibreán 2007 agus cuirtear sa chuntas inti na cinntí a d'éirigh as an chuairt i Mí Feabhra 2007.

**Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm.**

- Is áit gheal fháilteach spreagthach é an t-ionad do thuismitheoirí agus do pháistí; is éifeachtaí an dóigh a leagtar amach an trealamh, a n-eagraítear na seisiúin agus a n-úsáidtear an spás chun foghlaim na bpáistí a chur chun cinn.
- Tá an fhoireann níos muiníní agus tá siad ag éirí níos sciliúla i bpleanáil agus i bhfeidhmiú curaclam cothrom leathan réamhscoile ina ndéantar dul chun cinn i rith na bliana.

- Léiríonn an fhoireann go bhfuil siad níos tuisceanaí agus níos sciliúla ag cur theanga agus fhoghlaim na bpáistí chun cinn.
- Is sciliúla an fhoireann ag taifeadadh agus ag luacháil dhul chun cinn na bpáistí agus tá siad ag tosú a úsáid an eolais sin níos éifeachtaí le freastal ar riachtanais páistí éagsúla.
- Tá an saineolaí oideachais luath-óige i ndiaidh comhairle agus tacaíocht luachmhar a thabhairt don fhoireann.
- Is airde anois caighdeán idirghníomhaíocht na foirne i nGaeilge leis na páistí agus is í sin atá éifeachtach chun forbairt na bpáistí a chur chun cinn i ngach réimse den churaclam bunscoile.
- Tá tuiscint mhaith ag na páistí ar an Ghaeilge go ginearálta; tá siad ag tosú a úsáid na teanga ar dhóigh nádúrtha.
- Tugann an fhoireann tacaíocht éifeachtach do na páistí sin a aimsíodh agus sainriachtanais oideachais acu.
- Is eiseamláir den scoth le leanúint í an ceannaire; tá an tuiscint ag fás i measc na foirne gur meitheal mhaith iad i ndiaidh tréimhse inar mhínic baill foirne á gceapadh nó ag fágáil.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an ionad réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na príomhréimsí le haghaidh gníomhú. Tá muinín ag na tuismitheoirí agus ag an phobal i gcoitinne as an rún daingean atá ag an fhoireann feabhsúcháin a dhéanamh agus as a éifeachtaí atá siad ag freagairt do na cinní sa chigireacht.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: [www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk)